

Buntáiste Breise na Gaeilge!

Béal Átha na Sluaighe
Co. na Gaillimhe

Seimineár Eolais do
Dhaltaí Iar-Bhunscoile

Dé Céadaoin
29 Feabhra 2012



CLÁR

09.20 Fáiltiú agus Clárú

10.00 Cur i láthair ó na hAoichainteoirí

11:05 Glacfaidh na hAoichainteoirí le ceisteanna ó dhaltaí scoile

11:45 Bronnadh Duaiseanna / Bileoga Aiseolais

12:00 Am do na daltaí chun cuairt a thabhairt ar na seastáin

12:30 Críoch



Urraithe ag



Foras na Gaeilge

Kevin De Barra, Cathaoirleach

Is as An Spidéal, i gConamara é Kevin De Barra. Bhain Kevin Céim Tráchtála, Máistreacht sa Mhargaíocht, Dioplóma sa Ghaeilge, agus Dioplóma i Staidéar an Aistriúcháin ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, mar aon le Máistreacht sa Ghaeilge Fheidhmeach ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Is Bainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide Poiblí é Kevin De Barra le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.



Barbara Nic Dhonnacha

Is as Conamara i gCo. na Gaillimhe í Barbara agus fuair sí a cuid oideachais trí Ghaeilge. Bhain sí amach B.Sc. i Staidéar ar na Meáin le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU).

Fuair sí taithí trí bheith ag obair go deonach leis an stáisiún Raidió na Life. As sin, d'oibrigh sí le Taibhdhearc na Gaillimhe. Cuireann Barbara an clár 'Ar Éileamh' i láthair anois ar iRadio. Is minic a bhíonn Barbara freisin le feiceáil ar an gclár 'PONC XL' ar TG4 ag labhairt ar nuacht ceoil agus ag cur bannaí ceoil i láthair. Anuraidh bhain Barbara Gradam PPI Music Broadcaster of The Year 2011 amach.



Cathal Moore

Rugadh agus tógadh Cathal Moore i dTurlach Mór i gContae na Gaillimhe. D'fhreastail sé ar Scoil Naomh Uinseann i gCúl Áirne. Chaith sé cúig bliana i gColáiste Muire i gCathair na Gaillimhe.

Bhain sé céim ealaíne amach in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad i 1996 agus rinne sé an Dioplóma Iarchéime san Oideachas in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i 1997. Chaith sé ocht mbliana ag múineadh i Scoil Mhuire i Longfort. Is múinteoir Gaeilge é i gColáiste na Toirbhearta i mBaile Átha an Rí.

D'imir Cathal iománaíocht le foireann shinsir na Gaillimhe le blianta fada. Bíonn sé ag obair mar anailísí ar 'Spóirt an tSathairn' ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus ar na cláir 'GAA Beo' agus 'Seó Spóirt' ar TG4.



Ruth Ní Shiadhail

Is as Baile Átha Troim, i gContae na Mí, do Ruth ó dhúchas. Tógadh le Gaeilge Uladh í agus chuaigh sí ar scoil i Ráth Chairn i nGaeltacht na Mí . D'fhreastail sí ar Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, áit ar bhain sí Céim Ealaíona amach i nGaeilge agus i bhFraincis. Tá céim mháistreachta aici i Margaíocht Idirnáisiúnta agus ceann eile i nGaeilge Fheidhmeach.

Ceapadh í ina hOifigeach Forbartha Gaeilge don eagrais pobail, Gaeilge Locha Riach in 2011. Tá sí gafa ó shin ag reáchtáil imeachtaí do phobal na Gaeilge in oirthear na Gaillimhe.

Sular tháinig sí go Baile Locha Riach chaith sí bliain ina cúntóir eagarthóireachta le Fiontar, in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Chaith Ruth seal ag obair mar aistriitheoir le Europus, comhlacht comhairleoireachta teanga ar an gCeathrú Rua i gCo. na Gaillimhe.



Pádraig Ó Ceithearnaigh

Is fear de bhunadh Bhéal Átha na Sluaighe é Pádraig Ó Ceithearnaigh. Chaith sé seacht mbliana déag ag obair le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge i ról éagsúla agus tá an t-uafás bainte amach aige don Chomhdháil agus don Ghaeilge.

Bhronn Coláiste Phádraig, Má Nuad, BA air sa bhliain 1972. Ansin d'fhreastail sé ar Choláiste Phádraig, Droim Conrach áit ar cháiligh sé ina mhúinteoir bunscoile agus ina dhiaidh sin sa bhliain 1976 rinne sé an tArd-Diplóma san Oideachas i gColáiste na hOllscoile Gaillimh. Sa bhliain 2006, bhain sé MA sa Chleachtas Dátheangach amach in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Bhí ról lárnach ag Pádraig i mbunú Scoil Uí Cheithearnaigh i mBéal Átha na Sluaighe i 1990. Chaith sé tréimhse cúig bliana mar Uachtarán ar an gComhdháil, ó 1987-1992 le linn dó a bheith ag obair le Cumann na bhFiann.



Aoife Ní Thuairisg

Rugadh agus tógadh Aoife Ní Thuairisg i gConamara agus thosaigh sí ag obair le Teilifís na Gaeilge nó TG4 mar atá air anois go gairid thar éis a bunaithe i 1996. Bhain Aoife diplóma san aistriúchán amach agus i 1998 rinneadh sí cúrsa físeáin le RTÉ, Údarás na Gaeltachta agus Teilifís na Gaeilge.

D'oibrigh Aoife ar réimse leathan cláir do TG4 mar láithreoir, agus í aitheanta le cláir ar nós 'Paisean Faisean', 'Wimbledon Beo', 'Gradam Ceoil TG4' agus 'Ceol Tíre'.

Chaith Aoife na blianta i mbun thuar na haimsire agus leannúnachais chomh maith. I láthair na huairé tá sí ag réiteach le tabhairt faoi 'Ghradam Ceoil TG4' a chur i láthair agus ag obair i gCeannáras TG4 mar léiritheoir láithreachais an stáisiúin.



Buntáiste Breise na Gaeilge ar Chamchuart timpeall na tíre:



Faigh do nuacht ar líne le www.GAELPORT.com

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

[gaelport.com](http://www.gaelport.com)

Fórsa na Gaeilge

AN fáinne

Léirigh do nasc leis an nGaeilge

www.fainne.ie